

## Scríbhneoiracht (75 nójiméad)

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

### Ceist 1

Roghnaigh **ceann amháin** de na ceisteanna thíos.

Scríobh timpeall **200-250 focal** sa spás ar an gcéad leathanach eile.

30 / marc

1. Tá tú tar éis bogadh go dtí eastát tithíochta ar imeall baile mór. Is léir nach bhfuil mórán aithne ag daoine ar a chéile agus gur beag baint a bhíonn ag muintir an eastáit le bunadh an bhaile. Tá coiste forbartha díreach tar éis a bhunaithe sa bhaile mór agus tugadh cuireadh duit a bheith i do bhall den choiste. Ar an drochuair, ní féidir leat glacadh leis an gcuireadh.

Scríobh **litir** chuig an gcoiste ag míniú cén fáth nach dtig leat glacadh leis an gcuireadh faoi láthair. Cuir síos ar an imní atá ort faoin deighilt idir muintir an eastáit agus muintir an bhaile féin. Tabhair cuntas ar na moltaí atá agat féin chun an fhadhb seo a leigheas.

2. Bhí ceolchoirm ar siúl san óstán áitiúil le déanaí. B'in an chéad uair d'úinéirí an óstáin a leithéid d'ócáid a eagrú agus bhí muintir na háite an-tóghtha go raibh a leithéid ag tarlú.

Scríobh **léirmheas** faoin ócáid don bhlag atá agat agus déan scagadh ar na rudaí seo a leanas: an tuairim atá agat gur roghnaíodh an cineál ceoltóra nach mbeadh tóir rómhór air sa cheantar; an phraiseach a rinneadh de dháileachán na dticéad roimh ré agus fadhbanna eile a tháinig chun cinn ar an oíche. Cé gur chuir an ócáid féin díomá ort, níor mhaith leat go mbeadh an léirmheas iomlán diúltach, ar eagla go mbeadh lagmhisneach ar úinéirí an óstáin agus nach dtabharfaidís faoina leithéid arís.

3. Tá gaolta leat i Meiriceá ag teacht ar cuairt go hÉirinn den chéad uair. Sheol siad a gcuid pleannána don tsaoire chugat le do chuid tuairimí a fháil ina leith. Tá tú in amhras faoi roinnt rudaí, mar shampla, an t-am den bhliain atá roghnaithe acu, go mbeidh siad ag brath ar an gcóras iompar poiblí in áiteanna iargúlta agus an costas a bhaineann le rudaí sa tir seo. Níor mhaith leat go mbeadh an chuma air nach bhfuil tú i bhfabhar an turais ach ba mhaith leat comhairle a chur orthu maidir lena bhfuil beartaithe acu.

Scríobh **litir** chucu ag míniú an scéil dóibh.

*Teastas Eorpach na Gaeilge*  
*Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1): Scrúdú samplach 2*

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

*Teastas Eorpach na Gaeilge*  
*Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1): Scrúdú samplach 2*

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

## Ceist 2

Roghnaigh **ceann amháin** de na ceisteanna thíos.  
Scríobh timpeall **550-580 focal** sa spás atá leagtha amach.

50 / marc

1. Tá obair ghluaiseacht na mban curtha i gcrích agus níl gá níos mó le feachtasaíocht ná le feimineachas.  
Scríobh alt ina ndéanann tú cur síos ar na tuairimí atá agat faoin ábhar seo.
  
2. Cé go léiríonn grúpaí áirithe imní faoi bhunú ollstát Eorpach, ní fheictear domsa go bhfuil aon ábhar imní ann.  
Scríobh alt ina ndéanann tú cur síos ar na tuairimí atá agat faoin ábhar seo.
  
3. Tá an easpa tacaíochta don lucht siúil sa tír seo ina smál ar chlú na tíre le blianta fada agois.  
Scríobh alt ina ndéanann tú cur síos ar na tuairimí atá agat faoin ábhar seo.

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

*Teastas Eorpach na Gaeilge  
Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1): Scrúdú samplach 2*

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

*Teastas Eorpach na Gaeilge*  
*Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1): Scrúdú samplach 2*

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---